

Ó STÁT COÍLINEACH GO SAORSTÁT

An méid a deir siad...

Ár dtaispeántas agus buíochas

Tá an taispeántas seo, atá coimeáda ag Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe (GCCA), bunaithe go príomha ar íomhánna de mhíreanna as a cuid bailiúchán. Tagann beagnach iomlán ábhar an taispeántais as bailiúchán na n-údarás áitiúil, amhail miontuairiscí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus na gComhairlí Ceantair Tuaithe, agus is é is aidhm leis léargas a thabhairt ar an dearcadh agus na beartais a bhí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus ag na húdaráis áitiúla a raibh baint acu léi, idir 1916 agus 1923. Díritear go príomha ann ar an tréimhse ríthábhachtach i ndiaidh Éirí Amach 1916. Tugann ábhar agus meon na miontuairiscí léargas ar smaointeoireacht pholaitiúil agus shóisialta an ama sin. Táthar ag súil go mbeidh an léargas seo ar an tréimhse chorráitheach i stair na hÉireann ina

fhoinsé faisnéise agus ina acmhainn úsáideach dóibh siúd a bhfuil suim acu foghlaim faoin dearcadh agus an fhreagairt a bhí ag Contae na Gaillimhe i leith na n-imeachtaí as ar eascair neamhspleáchas na hÉireann agus lenar múnlaíodh breith ár náisiúin.

Tá íomhánna ó institiúidí agus daoine aonair éagsúla eile ag gabháil leis an taispeántas. Admhaímid le buíochas an caoinhead uathu íomhánna óna gcuid bailiúchán a mhacasamhlú. Gabhaimid buíochas ar leith leis an gCartlann Mhíleata, Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Cartlann Chontae Loch Garman.

Is iad Vermillion Design a dhear agus a chuir i láthair an taispeántas agus is í Comhairle Chontae na Gaillimhe a rinne í a mhaoiniú.

*Men from the plains of Mayo to Loch Garman
Men from Loch Lein to the hills of Tyrone
Seed of the Gael and the Dane and the Norman
Join hands for Ireland, and Ireland alone!
Here in the land that is Liberty's altar
Here and here only the battle must be
Think of the prize and your hearts will not flatter,
Think of the future when Ireland's free.*

MANA ÓGLAIGH NA HÉIREANN, GCCA GS01/03

www.gaillimh.ie/cartlann



ÉIRE
IRELAND

19
2016

Clár Comórtha
Cead Bliain
Centenary
Programme



DUNASLOE No 1.
DISTRICT COUNCIL
MINUTE BOOK
No 17.

1899-1915

ROIMH AN EIRÍ AMACH

“...the manhood of Ireland are ready to do their part in defence of their homes and their liberties”

GCCA GC/1/2, lch 529

Nuair a bunaíodh Comhairle Chontae na Gaillimhe in Aibreán na bliana 1899, gheall sí a tacaíocht a thabhairt do Rialtas Dúchais, díreach mar a rinne údarais áitiúla eile ar fud na tíre. Idir 1899 agus 1916 d'eisigh sí rúin éagsúla lena léiritear a dearcadh ar na hathruithe sóisialta agus polaitiúla a bhí ar bun. D'eisigh sí rúin ag tacú le Seán Réamann agus Páirtí Parlaiminteach na hÉireann, le hathdháileadh talún, leis an nGaeilge agus le hÓglaigh na hÉireann. Bhí lúcháir uirthi i Meán Fómhair 1914 nuair a rith parlaimint na Breataine an *Government of Ireland Act*, faoinar deonaíodh Rialtas Dúchais do mhuintir na hÉireann ar deireadh thiar. Nuair a thosaigh an Chéad Chogadh Dombanda i mí Iúil 1914, áfach, cuireadh siar an tAcht ar feadh dhá mhí dhéag. Ansin cuireadh síneadh leis an gcur siar sin ar feadh ré an chogaidh.

Tar éis gur tharla scoilt in Óglaigh na hÉireann, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le hÓglaigh Náisiúnta Sheáin Réamainn, agus thoiligh sí a bpoist a choinneáil ar oscailt d'aon bhaill foirne a liostáil dá ndeoin féin chun fónamh le fórsaí armtha na Breataine. I measc na mball foirne sin bhí an Rúnaí Contae, Walter Gordon Seymour, a d'fhóin ar feadh ré an chogaidh. A fhad a bhí sé imithe, is é William G. Fogarty, ball eile d'Óglaigh Náisiúnta na hÉireann, a líon a phost.

That we the County Council of the County of Galway at this our first meeting do pledge ourselves to the principle of Home Rule and earnestly urge on Her Majesty's Government the necessity of granting legislative independence to Ireland in order to enable the Irish people to make their own laws and manage their own affairs in harmony with the wishes of the great majority of the population. That we enter against the Local Government Act as an insult to justice to prepare our people for the larger and more comprehensive means of Autonomy which is the only plan that will ever satisfy the hopes and aspirations of our people and make us a happy, prosperous and contented nation.

Rún a rith Comhairle Chontae na Gaillimhe ag a cruinniú tionscnaimh, ag leagan amach a spriocanna agus a míanta bunaidh. 22 Aibreán 1899, GCCA GC/1/1.



Grianghraf de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag glacadh ar ócáid an chéad chruinnithe dá cuid ar chéimeanna Theach na Cúirte, Gaillimh. Aibreán 1899, GCCA GC/1/1.


Members of the Galway County Council, consider that the time has come when every effort should be made to organise the Irish Volunteer force in every parish in Ireland. We are convinced that such a force, unled by men in whom our indomitable leader Mr. John E. Redmond M.P. would have confidence, would prove to the world that the manhood of Ireland are ready to do their part in defence of their homes and their liberties, and if need be, to protect our fellow Nationalists in Ulster from insult and attack. Passed

D'éiligh Comhairle Chontae na Gaillimhe go mbunófaí Óglaigh na hÉireann i ngach paróiste sa tír. 20 Bealtaine 1914, GCCA GC/1/2, lch 529.

Ceart: Bhí lúcháir ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a ritheadh an Bille Rialtas Dúchais. 17 Meán Fómhair 1914, GCCA GC/1/2, lch 526-77.

Thíos: Póstaer earcaíochta ar a bhfuil íomhá Sheáin Réamainn, ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, ag spreagadh fir Éireannacha chun liostáil le reimsint Éireannach d'fhonn cuidiú leis an iarracht chogaidh.

23 Lúnasa 1915, NLI EPH F113. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Councillor J. McDonnell proposed, Councillor J. Lohan seconded - That we rejoice in the final passage of the Home Rule Bill into Law and congratulate the Irish Party and its leaders on their achievement of their great task. That we heartily congratulate and endorse Mr. Redmond's appeal for the formation of a new Irish Brigade to support, if necessary, the Irish Regiments which have already given such splendid examples of their valour. That the County Council call upon all Employers to assist in this patriotic work, by keeping open as far as possible the posts of men who volunteer for service in the Irish Brigade.

PROVISIONAL
with the
Liberties
though the
of the Irish
the main
to acknowledge it and to endeavour
be put forward the claim to send
Provisional Committee of the Irish
if the claim was not conceded to
of the Irish Volunteer organization.
this proposal to throw the country
into turmoil and to destroy the chances of a Home Rule measure
in the near future must have been forced upon Mr. Redmond.
Already, ignoring the Irish Volunteers as a factor in the National
position, Mr. Redmond had consented to a dismemberment of Ireland
which could be made permanent by the same agencies that forced
him to accept it as temporary. He was now prepared to risk
another disruption and the wreck of the cause entrusted to him.
The Provisional Committee, while recognising that the
responsibility in that case would be altogether Mr. Redmond's,
decided to risk the lesser evil and to admit his nominees, to sit
and act on the Committee. The Committee made no representations
as to the persons to be nominated, and when the nominations were
received, the Committee raised no question as to how far
Mr. Redmond had fulfilled his public undertaking to nominate
"representative men from different parts of the country".
Mr. Redmond's nominees were admitted purely and simply as his
nominees and without co-optation.

Ó STAT COÍLINEACH
GO SAORSTAT
An méid a d'fheic siad...

Baile na Gaillimhe
24 Meán Fómhair 1915, GCCA GC/1/2.

1916

“We regret that many of our young countrymen were the dupes of German agents and of the enemies of the country...”

GCCA 601/8/10, lch 642-643.

Go luath sa bhliain 1916, d'éisigh go leor de chomhlachtaí áitiúla bhaile na Gaillimhe aithisc inar cuireadh fáilte roimh Ivor Churchill Guest, an 1ú Bíocunta Wimborne, Fear Ionaid an Rí in Éirinn, le linn a chéad chuairte ar Iarthar na hÉireann, chun freastal ar chomhdháil earcaithe ag Halla an Bhaile i nGaillimh. Dar le tuarascáil a bhí sa Connacht Tribune ar an 5 Eanáir 1916, cuireadh fáilte agus fiche roimhe agus cuireadh searmanas breá ar bun i gcomhair na hócáide.


Go gairid ina dhiaidh, tugadh léargas ar an líon daoine a bhí in Óglaigh na hÉireann agus sna hÓglaigh Náisiúnta araon tráth a chuaigh siad ar paráid ina gcuid éide trí shráideanna an bhaile do Lá Fhéile Pádraig. Mar sin féin, dhealraigh sé gur tháinig Éirí Amach na Cásca, mí amháin ina dhiaidh sin, aniar aduaidh ar na húdaráis agus ar an tír ar fad. Bhí mearbhall ar dhaoine toisc gur cuireadh ar ceal orduithe i dtaobh éirí amach, rud a d'fhág nach ndeachaigh ach líon beag ceannairceach i mbun arm lasmuigh de Bhaile Átha Cliath an tseachtain sin. Is i nGaillimh a bhí an grúpa ba mhó a chuaigh ar slógadh, nuair a tháinig thart ar 700 Óglach le chéile faoi Liam Ó Maoilíosa ar fud dheisceart agus oirthear an chontae. D'ionsaigh siad stáisiúin Chonstáblacht Ríoga na hÉireann (RIC), réab siad ráillí iarnróid agus ghearr siad anuas síos sreanga teileagraif. Is iad Complacht Óglach an Chaisleáin Ghearr ba chúis leis an chéad bhás lasmuigh den phríomhchathair, nuair a goineadh an Constábla Patrick Whelan de chuid an RIC ag Crois an Chairn Mhóir ar an 26 Aibreán.

Cháin Comhairle Chontae na Gaillimhe an méid a bhí déanta ag na ceannaircigh, cé nach ndearna sí aon trácht ar an ghníomhaíocht mhíleata sa chontae.




Liam Ó Maoilíosa (1892-1922) agus an tAthair Henry Feeney (1889-1945). Bhí an tAthair Feeney le hÓglaigh na hÉireann nuair a díscaoileadh iad i mBaile na Creige, Seachtain na Cásca, 1916.

C. 1915. Le caoinchead ó Eaglais Pharóiste Shruithair.



Rún Chomhairle Chontae na Gaillimhe a mhol an Cathaoirleach, an Comhairleoir John McDonnell, agus ar thacaigh an Comhairleoir Martin McDonagh leis, ag cáineadh Éirí Amach 1916. Cuireadh ar ceal é ar an 19 Meitheamh 1920.

3 Bealtaine 1916, GCCA GC/1/2, lch 707.




Tar éis gur cuireadh an chéad duine chun báis, ní raibh moill ar bith ar Chomhairle Ceantair Uirbigh Bhéal Átha na Sluaighe agus i ag éileamh ar Sheán Réamann leis a bhaint as an tionchar a bhí ag aon trocaire a agairt do gach duine eile a gabhadh.

9 Bealtaine 1916, GCCA BUC/1/0, lch 194.



An tAitheasc Fáilte a d'éisigh Comhairle Chontae na Gaillimhe do Ivor Churchill Guest, Fear Ionaid an Rí in Éireann, ar ócáid a chéad chuairte ar Iarthar na hÉireann i mí Eanáir 1916, chun freastal ar chomhdháil earcaithe ag Halla an Bhaile i nGaillimh.


2 Feabhra 1916, GCCA GC/1/2, lch 694.



Thios: Bhí John McDonnell, as Teach Waterslade, Tuaim, ina Cathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe idir 1914 agus 1920. Ceannai agus Caitliceach Rómhánach arbh ea é a raibh gabháltais mhóra talún aige i gceantair Dhún Mór, Áth Cinn agus Thuama.

Ó STÁT COÍLINEACH
GO SAORSTÁT
An méid a dúirt siad...


Deisigh Comhairleirí Bhaile Udaa Ríoch
aithisc fáilte ar an tFíor Amach. Cuireadh
ar ceal é ar an 20 Márta 1920.
3 Bealtaine 1916, GCCA GC/1/2/7



1916


“...condemn them for depriving us of the youth and manhood of Ireland by deportation...”

GCCA 601/3/18, lch 60.



Faoin Defence of the Realm Act, a tugadh isteach i 1914, bhí ar chumas údarais na Breataine cineál ar bith corraíola a chur faoi chois faoi staid éigeandála. Faoin Acht freisin, d'fhéadfaí ceannairí an Éirí Amach a thriall gan ghiúiré os comhair cúirt mhíleata agus iad a dhaoradh chun báis.

NLI EPH F.253, 1916. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



D'fhág Clár Freastail Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe le sinéir Séamus Carter (i nGaeilge); a chéad taifead sa Chlár ó gabhadh é i mí Aibreáin 1916.

24 Samhain 1916, GCCA GC7/10.




George Nicolls (1884–1942) – toisc go raibh aithne mhaith air mar bhall d'Óglaigh na hÉireann bhí sé ina measc siúd a gabhadh ar dtús i nGaillimh nuair a bhíis cogadh amach le linn sheachtain na Cásca 1916.

1911, NLI Ls 49530/25/3. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Thíos: An Chuntaois Constance Georgine Markievicz, (1874–1927), arbh ainm breithe di Gore-Booth, M.P., T.D.



C. 1916, NLI EP MARK-CD (1) IV. Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Nuair a cuireadh i bhfeidhm an dlí airm, gabhadh agus imtheorannaíodh a lán daoine a bhí páirteach san éirí amach, nó fiú a raibh amhras ina leith go raibh siad páirteach ann. Cháin go leor d'údarais áitiúla an chontae Rialtas na Breataine as ucht cheannairí an Éirí Amach a chur chun báis agus as ucht ghabháil fhorleathan gan triail na mílte fear agus ban Éireannach, agus thart ar 320 duine ó chontae na Gaillimhe ina measc, agus as ucht a ndéartha chuig príosúin éagsúla sa Bhreatain - ar nós Knutsford, Lewes, Wandsworth, Wakefield, Stafford, Glaschú agus Perth. Níos déanaí, aistríodh thart ar 1,800 díobh chuig campa géibhinn in Frongoch sa Bhreatain Bheag. Scaoileadh saor a bhformhór i mí Lúnasa, agus an chuid eile i mí na Nollag. Scaoileadh saor na príosúnaigh a ciontaíodh i mí an Mheithimh 1917. Bhíodh na príosúnaith e i gcampa Frongoch ag trácht air mar “an ollscoil”, toisc gur thug sé an deis do dhaoine a bhí ar aon intinn le chéile, a raibh iallach orthu a bheith le chéile ar feadh tréimhse fhada ama, tuairimí agus smaointe a chomhroinnt agus a mhalartú, agus pleanáil i gcomhair na chéad chéime eile den troid ar son shaoirse na hÉireann.

I measc na ndaoine a gabhadh i nGaillimh bhí Seamuis Carter, Cléireach a bhí ag obair le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ball d'Óglaigh na hÉireann. Gabhadh George Nicolls, aturnae agus an Cróinéir Contae, freisin. Bhí dlúthcheangal idir é agus Art Ó Gríofa, bunaitheoir Shinn Féin, agus ba é a bhí ina Uachtarán ar Óglaigh na hÉireann i nGaillimh agus ina Cheannaire ar Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (IRB) i nGaillimh. Níos déanaí, bhí Nicolls ina Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ina ionadaí tofa do Ghaillimh.

Bhí easpa airgid ag goilleadh go mór ar a lán sa bhaile de bharr an oiread daoine a bheith gafa, dá n-uireasa siúd ba mhó a thuill pá dóibh. Ba dheacair barra a bhaint de bharr an easpa oibrithe agus d'fhág sé sin go raibh an bia gann.



Ó STAT COÍLINEACH GO SAORSTAT
An méid a d'írt siad...

We also call upon the Government to at once attend to the question of a relaxation of the punishment inflicted on the Countess Marchmont

Relief of Distress (Galway Union)
Read letter from Mr R. J. Murray, Clerk of the Union, Galway.
Heard Mr. Mullery.
The Chairman proposed.
Councillor Conroy seconded:-
That the County Council being satisfied that exceptional distress exists in the electoral Divisions of Kilcummin, Selerna, Killanin, Spiddal and Furbough, hereby apply

Rin de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a éirí amach a gabhadh gan triail i ndiaidh an Éirí Amach a scaoileadh saor na cáscaim leo mar phríosúnaigh d'Óglaigh.

14 Meitheamh 1916, GCCA GC7/10-83-84

1917 & 1918


“Up the Rebels. Conscription, not damn likely”

GCCA GC/7/11

Díríodh an-chuid d'aird na bpolaiteoirí ar cheist an choinscríofa idir 1917 agus 1918. De bharr cailleanais ollmhóra a d'fhulaing arm na Breataine, spreagadh an Rialtas chun an coinscríobh a leathnú go hÉirinn i mí Aibreán 1918. Cuireadh go mór ina choinne sin ar fud na tíre agus rinne go leor earnálacha den tsochaí agóid ina choinne, lena n-áirítear ceardchumann, an Eaglais Chaitliceach, Páirtí Parlaiminteach na hÉireann agus Sinn Féin. De bharr agóidí iomadúla in aghaidh an choinscríofa, gríosáíodh an tacaíocht do Shinn Féin agus don bhunaidhm a bhí acu: Poblacht neamhspleách Éireannach. Mar thoradh air sin, thug an rialtas isteach imtheorannú arís agus cuireadh formhór de cheannairí Shinn Féin i bpríosún i Sasana.


D'éiligh roinnt de chomhairlí na Gaillimhe, amhail Comhairle Ceantair Tuaithe na Gaillimhe, ar Rialtas na Breataine na príosúnaigh a scaoileadh saor nó ar a laghad ar bith aitheantas a thabhairt dóibh mar phríosúnaigh chogaidh. Formhór na gcomhairlí, amhail Coimisinéirí Bhaile Thuama, rinneadar éileamh ar chruinnithe poiblí chun agóid a dhéanamh i gcoinne an choinscríofa agus chun teacht le chéile le cur ina choinne.

Le linn na tréimhse sin freisin, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe achainí ghníomhach ar an Rialtas monarcha muinisean a oscailt i nGaillimh, chun cuidiú leis an iarracht chogaidh leanúnach, agus chun fostaíocht a chur ar fáil a raibh géarghá léi sa chontae.



Sliocht ó chomhad Mhuinisean, ina bhfuil sonraí faoi Mhonarcha Náisiúnta Slogán a bhí beartaithe i nGaillimh agus comhfhreagras ina dhiaidh sin a bhaineann le húsáid don mhonarcha 'when it ceases to be engaged in munitions work'.

GCCA GC/50/32




Déanann Comhairle Ceantair Tuaithe na Gaillimhe ceangal idir i féin agus an ghluaiseacht ar son 'complete independence of Ireland'.

26 Bealtaine 1917, GCCA GC/9/3, lch. 173.

Thíos: Céir nár eigh Coimisinéirí Bhaile Thuama rún ag cáineadh Éirí Amach 1916, rith siad roinnt rún polaitiúil ina dhiaidh sin, lena n-áirítear ceann amháin i 1917 ina ndearnadh cáineadh ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe as ucht nár chuir sí ar ceal a cáineadh ar an Éirí Amach.

7 Lúnasa, 1917, GCCA TTC/15, lch. 173.




Agóid Chomhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha na Sluaighe in aghaidh gabhála forleathana.

25 Bealtaine 1918, GCCA GC/6/18, lch. 343.



Intráil ar chúil Chlár Freastaís Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina léirítear an dearcadh díltach a bhí ag ball foirne amháin i leith na bagairtha i dtaobh thabhairt isteach an choinscríofa go hÉirinn.

GCCA GC/7/11



Ireland An Aoid a d'airt siad... SOLEMN LEAGUE AND COVENANT A NATIONAL PLEDGE

Denying the right of the British Government to enforce compulsory service in this country, we pledge ourselves solemnly to one another to resist Conscription by the most effective means at our disposal.

The above was signed by me

at _____ on _____ day of _____ 1918.

Name _____ Address _____

Cardinal Logue, Archbishop of Dublin, M.P. representing the Irish Parliamentary Party

Joseph Devlin, M.P. representing the Irish Parliamentary Party


Arthur Griffith, M.P. representing the Irish Parliamentary Party

Eamon de Valera, M.P. representing Sinn Féin

1920


“...hereby acknowledge the authority of Dáil Éireann as the duly elected Government of the Irish people”

GCCA GC/3, lch 231.




Litrí admhála ó Dháil Éireann chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena rún ag tabhairt aitheantais d'údarás na Dála.

30 Meitheamh 1920, GCCA GC/CSO/3.



Tugann Coimisinéirí Bhaile Thuama aitheantas d'údarás Dháil Éireann. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe amhlaidh ag an gcrúinniú dá cuid ar an 18 Meitheamh 1920.

4 Bealtaine 1920, GCCA TTC/1/5, lch 263.




Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas d'údarás Dháil Éireann.

18 Meitheamh 1920, GCCA GC/3, lch 231.

Bhain Sinn Féin amach ollbhua arís eile sna toghcháin áitiúla i mí an Mheithimh 1920. Ghlac sé seilbh ar 338 gcinn as 393 de na comhlachtaí rialtais áitiúil, comhairlí contae, boird caomhnóirí agus comhairlí ceantair tuaithe ar fud an oileáin ar fad, lena n-áirítear iad siúd i gcontae na Gaillimhe.

Bhrostaigh comhaltaí nuathofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun taifeadadh a dhéanamh ar a gcuid dlíseachta do Dháil Éireann. Ar an gcéad dul síos, chealaigh an Chomhairle an cáineadh a rinneadh i 1916 ar an Éirí Amach agus, ar an dara dul síos, dearbhaigh sí gur aithin sí údarás na Dála faoi cheilt, mar rialtas dlísteanach Phoblacht na hÉireann.


Cuireadh dlús le treallchogaíocht Óglaigh na hÉireann (IRA) le linn 1920, agus rinneadh luíocháin roimh bheairicí agus conbhuananna de chuid an RIC. Cuireadh bearta díoltais na Breataine i dtreise freisin. Eachtra fhíochmhar amháin den sórt sin arbh ea dó Thuama, nuair a d'ionsaigh na póilíní an baile mar dhíoltas ar mharú beirt dá mball ar cuireadh luíochán rompu thart ar thrí mhíle taobh amuigh den bhaile. Bhí eachtraí sceimhlitheoireachta eile ann ar nós an chinn i mí Mheán Fómhair nuair a mharaigh na Dúchrónaigh Séan Mulvoy agus Séamus Quirke, baill den IRA, i nGaillimh, agus an chinn i mí na Samhna nuair a maraíodh Patrick agus Harry Loughnane, deartháireacha ó Sheaneaglais, agus iad i gcoimeád ag an RIC. Rinneadh damáiste mór don Chlochán freisin i mí an Mhárta 1921 mar dhíoltas ar bhás roinnt ball den RIC.



Déanann Coimisinéirí Bhaile Thuama agus Chomhairle Ceantair Tuaithe Thuama cáineadh ar ionsaí na bpóilíní ar Thuama, inar cuireadh sceimhle ar lucht an bhaile agus inar dódh Halla an Bhaile agus foirgnimh eile. Díoltas a bhí san ionsaí ar mharú beirt bhall den RIC ar chuir an IRA luíochán rompu dhá lá roimhe sin. Cuireadh cáineadh na gCoimisinéirí ar ceal roinnt míonna ina dhiaidh sin, ar an 5 Deireadh Fómhair 1920.

3 Lúnasa 1920, GCCA TTC/1/5, lch 271.

Ceart: George Nicolls, (1884-1942), Cathaíreach, Comhairle Chontae na Gaillimhe 1920-1925, cé go raibh sé i bpríosún ar feadh fhormhór a chéad bhliana mar Chathaíreach.



Ó STÁT COÍLINEACH
GO SAORSTÁT
An méid a dhírt siad...

Coláirí reatha de chuid Óglaigh na hÉireann (IRA) Co. na Gaillimhe. Le comharthaí de ghrúnaí Whelan.

1920

‘...under the altered circumstances which now obtain the accounts of the Council should be submitted to the Local Government Board for audit’


GCCA GC/3/1, lch 200.

Bhí deacrachtaí ag lucht riaracháin na n-údarás Áitiúil sa chontae de bharr gur cinneadh aitheantas a thabhairt do Dháil Éireann, toisc go raibh siad buartha faoina gcumas maoiniú a fháil chun freastal ar a gcuid oibleagáidí airgeadais. Bhí sé ordaithe ag rialtas na Breataine don Bhorl Rialtais Áitiúil gan aon iasachtaí ná deontais ó chistí poiblí a thabhairt do chomhlachtaí nár chuir isteach a gcuntais lena n-íniúchadh, agus nár chomhlíon rialacha agus treoir an Bhoird.

Mar thoradh air sin, i mí na Nollag 1920, d’eisigh roinnt comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe rún dá dtagraítear anois mar an rún síochána míchlúiteach, ina séantar údarás Dháil Éireann agus ina n-éilítear sos cogaidh leis an mBreatain. Tharla sé sin breis is sé mhí sular chomhaontaigh an Dáil sos cogaidh a lorg. Is amhlaidh i ndáiríre go raibh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag agairt ar son na síochána. Tuairiscíodh go forleathan ar an rún i nuachtáin na Breataine agus i nuachtáin eachtracha eile agus ba chúis mhór náire é don Chomhairle, a raibh an chuid is mó dá comhaltaí sa phríosún nó ar a dteitheadh an tráth sin, agus don Dáil toisc gur dhealraigh sé gur dhírigh an rún aird údarais na Breataine ar an scoilt ar thaobh na hÉireann agus ar laige a cuid fórsaí armtha.


Ós rud é go raibh an Cathaoirleach Nicolls sa phríosún, fágadh faoi Leas-Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Alice Cashel Uasal, imscrúdú a dhéanamh ar an scéal agus é a chur ina cheart. Fuair Cashel amach go raibh an rún neamhbhailí mar nach raibh aon chóram ag an gceannúin nuair a eisíodh an rún.

Níl an rún a tuairiscíodh ar taifead i miontuairiscí Chomhairle Chontae na Gaillimhe.




Litr ó Walter G. Seymour, Rúnal Contae, ina bhfuil cur síos ar dheacrachtaí praiticiúla agus dlíthiúla éagúla a bhí ann de bharr go dtug Comhairle Chontae na Gaillimhe aitheantas don Dáil

Medh Fómhair 1920, GCCA GC/3/1.




Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Miontuairiscí an Choiste Airgeadais ina n-éilítear cruinniú speisialta chun a phlé cibé ar chóir dó a chuid cuntas a chur faoi bhráid Bhorl Rialtais Áitiúil na Breataine lena n-íniúchadh nó nár chóir.

27 Samhain 1920, GCCA GC/3/1, lch 200.



Miontuairiscí Chomhairle Chontae Loch Garman le cóip den rún a rith Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an 3 Nollaig 'suing for peace'. Measadh ní ba dhéanaí go raibh an rún sin neamhbhailí toisc nach raibh aon chóram i láthair ag an gceannúin.

7 Nollaig 1920, WACC/18, lgh 172-173. Le ceannchead G Chartlann Chontae Loch Garman.




Thíos: Ceapadh Alice Cashel (1878-1958), a rugadh i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí, ina heagraí lánaimseartha ar Chumann na mBan i mí Feabhra 1918. Bhí cónaí uirthi i gCaiseal, Contae na Gaillimhe, agus bhí sí ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe idir 1920 agus 1921. Gabhadh í i lár na bliana 1921 agus cuireadh príosún uirthi as ucht doiciméid cheannairceacha a bheith ina seilbh, le Dáil Éireann sa cheanntéideal, a cuireadh chuig gach comhlach poiblí. Chuir sí i gcoinne an Chonartha.


Thuas: Litr oscailte a d’eisigh Alice Cashel Uasal, Leas-Chathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, ag séanadh rún gránna (obnoxious) a rith seisear comhaltaí den Chomhairle a d’iarr sos cogaidh. Toisc nár leor an líon sin i gcomhair córaim, measadh go raibh an rún mídhleathach.

Connacht Tribune, an 18 Nollaig 1920.

Le ceannchead ón Dr Humphreys.



Thuas: Litr oscailte a d’eisigh Alice Cashel Uasal, Leas-Chathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, ag séanadh rún gránna (obnoxious) a rith seisear comhaltaí den Chomhairle a d’iarr sos cogaidh. Toisc nár leor an líon sin i gcomhair córaim, measadh go raibh an rún mídhleathach.



Tuairiscí John Hanfin, Cilleach Chomhairle Ceannairce, Tuairiscí Bhoird Loch Garman, go ndéanaí Fótó na Corrach nua-ársa ar a dhírt. 9 Nollaig 1920, GCCA GC/3/1, lch 200.

1922

'...£1,439 is required to restore damaged bridges and causeways in the Western Division'


GC/1/3, lch 347.

An Conradh a síníodh i Londain i mí na Nollag 1921, dhaingnigh an Dáil é ar an 7 Eanáir 1922. Vótáil 64 dhuine ina fhabhar, agus 57 ina aghaidh, rud ba chúis le scoilt i Sinn Féin, as ar eascair Cogadh Cathartha na hÉireann idir Meitheamh 1922 agus Bealtaine 1923. Faoin Acht um Bunreacht Shaorstáit Éireann, 1922, cuireadh an Conradh i bhfeidhm ní ba dhéanaí i 1922.

Faoi dheireadh na Bealtaine 1922, d'fholmhaigh trúpaí na Breataine agus na Dúchrónaigh formhór na mbeairicí ar fud na tíre, agus díscáoil an RIC Tar éis idirthréimhse deich mí arna maoirsiú ag an Rialtas Sealadach, faoi stiúir Airt Uí Ghríofa, cruthaíodh Saorstát Éireann mar stát faoin riall féin le stádas Tiarnais ar an 6 Nollaig 1922.

Díreach i ndiaidh an Chonartha, rith Comhairle Chontae na Gaillimhe rún á threorú dá cuid Suirbhéirí meastacháin a dhéanamh ar an gcostas a bhainfeadh le deisiú bóithre agus oibreacha poiblí eile a ndearnadh damáiste dóibh le linn Chogadh na Saoirse, agus iad á mheas go bhféadfadh sé go glúdófaí costais atógála faoin socraíocht idir Rialtas na Breataine agus Rialtas na hÉireann.


Ina theannta sin, cé gur dhaingnigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Conradh, bhí cuid dá ball foirne ina choinne, agus bhí ról gníomhach acu sa Chogadh Cathartha. Mhol Alice Cashel freisin ag an gcruinniú i mí Aibreáin nach ndéanfaidh an Chomhairle ach comhfhreagras ó Dháil Éireann a bhreithniú, ach rith an Chomhairle rún go ndéanfaí comhfhreagras ón Rialtas Sealadach a láimhseáil.



Cé go raibh an Conradh daingnithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, dhealraigh sé go raibh cuid dá ball foirne ina choinne, agus tuairiscíodh fúthu: '[they] destroy at night what they are paid by Co. Council to repair by day'.


Thíos: Grúpa de 58 mball phoblachtacha den zú Dáil Éireann.

Eanáir 1922, E/MA/CP/A0863, Le caoinchead ón gCartlann Mhíleata.




Sleachta ó chomhad de chuid Chaisleán Bhaile Átha Cliath ar George Nicolls, lena n-áirítear gearrthóg nuachtáin ina luaitear an méid a dúirt Nicolls agus é á chur in iúl nach raibh aon bhrath aige bás a fháil ar son na poblachta, ach go raibh rún aige maireachtáil ar a son ('live for the Republic'). Luadh sa chomhad freisin gurbh antoiseach é agus nár ghlac sé páirt i ndúnmharú.

WO 35/207, Le caoinchead ón gCartlann Náisiúnta, an Ríocht Aontaithe.



Thoilligh Comhairle Chontae na Gaillimhe tuarastal a íoc leis an Suirbhéir Cúnta Chontae, an tUasal Michael Martyn, don tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 1920 agus an 12 Nollaig 1921 nuair a bhí sé i gcampa géibhinn nó i bpríosún. Gabhadh Martyn ina dhiaidh sin i mí Dheireadh Fómhair 1922, agus é i mbun seirbhíis ghníomhach leis na fórsaí Frith-chonartha.


18 Feabhra 1922, GCCA GC/1/3, lch 347.



Geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe déileáil le comhfhreagras ón Rialtas Sealadach.

15 Aibreán 1922, GCCA GC/1/3, lch 355.

Ó STÁT COÍLINEACH
GO SAORSTÁT
An méid a dúirt siad...



I mí na Míheibhín 1922, tugadh Duin na Rinn, Míre, Gaillimh ar fáil don IRA, agus tháinig sé faoi thail Éireannach den chéad uair.
Labaistín, Seánmáire Ó Súilleabháin

1923

‘...that owing to the occupation of Offices and Committee Rooms by the Military.... it is impossible to carry on the fiscal business of the County satisfactorily’


GCCA GC/1/3, lch 449.



Eanáir 1923, GCCA TIC/1/5, lch 456.




10 Márta 1923, GCCA GC/1/1, lch 269.



Miontuairisc de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le háitíú míleata Halla an Bhaile i nGaillimh.

5 Bealtaine 1923, CCCG GC/1/3, lch 427.



Tuairiscíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe don Rialtas an deacracht atá aici gnó a chur i gcrích mar gheall ar áitíú míleata formhór a cuid oifige.

23 Meitheamh 1923, GCCA GC/1/3, lch 449.



Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim


[Idir 1900 agus 1939], EAS-2208. Le caoinchead ón Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Bhí Cogadh Cathartha na hÉireann á throid go fíochmhar idir Meitheamh 1922 agus Bealtaine 1923. D'fhág an troid ghangaideach gur i gcoinne a chéile anois a bhí daoine a bhíodh ina gcomrádaithe tráth agus a bhíodh ag troid taobh le chéile ar son an neamhspleáchais. Ghlac rialtas an tSaorstáit cur chuige dian i gcoinne na bhfórsaí frith-Chonartha nó poblachtacha, agus ordaíodh go gcuirfí a lán díobh chun báis, agus Liam Ó Maoilíosa ina measc i mí na Nollag 1922. Díreach sular fógraíodh sos cogaidh ag deireadh mhí Aibreáin cuireadh seisear fear a bhí i gcoinne an Chonartha chun báis trí scud lámhaigh i na mBocht i dTuaim.

Leis an sos cogaidh sin, is amhlaidh i ndáiríre go raibh an cogadh buaite ag fórsaí an tSaorstáit, a raibh a lán arm acu a chuir Rialtas na Breataine ar fáil dóibh. Leag siadsan a bhí i gcoinne an Chonartha uathu a gcuid arm, agus gabhadh go leor díobh ina dhiaidh sin.


In Olltoghchán i samhradh na bliana 1923, is iad páirtí Chumann na nGaedheal, a bhí ar son an Chonartha, a thug leo an lá.

Bhí costas geilleagrach an chogaidh ard. Dhóigh Poblachtaigh go leor de na foirgnimh riaracháin agus na gnótháí a ndearna siad a áitiú, agus rinneadh scrios mór de bharr a bhfeachtas treallchogaíochta. Tá an costas geilleagrach leanúnach agus ábhair inní Chomhairle Chontae na Gaillimhe le sonrú go soiléir i miontuairiscí a Coiste Airgeadais, ina bhfuil go leor tagairtí do chostas deisiúcháin bóithre, droichead agus foirgneamh éagsúil ar fud an chontae.



Comhairle Ceantair Tuaithe Bhéal Átha na Sluaighe agus í i mbun agáide maidir le dí-adhlacadh agus baint corpáin na ndaoine a cuireadh chun báis i dTuaim gar do dheireadh an chogaidh, chuig 'unknown destinations'.

4 Deireadh Fómhair 1924, GCCA G00/6/20, lch 633.



Mhol Comhairle Chontae na Gaillimhe rúin á éileamh go scaoilfí saor príosúnaigh pholaitiúla i ndiaidh dheireadh an Chogaidh Chathartha.

3 Samhain 1923, GCCA GC/1/3, lgh 488-489.



Saighdiúirí as an gcóir um Chosaint. Deisiú agus Coghaitheáil Inneoid (IRMA) agus iad ag fógáil míneachas na cearta agus baint leas as na míle géimín agus síleáin an áite le h-áiríocht na na saighdiúirí seo a mhórtú agus Ollsagáil a fáil ar an gcóir ag comparáil.
 [Idir 1923 agus 1939], EAS-2208. Le caoinchead ón Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
 ón tSeánmáire.